C/2025/4228

30.7.2025

Foilsiú iarratais ar chealú i gcomhréir le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 [1] **i gcomhar le hAirteagal 25(4) den Rialachán sin**

(C/2025/4228)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR THÁSC GEOGRAFACH A CHEALÚ

[Airteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2024/1143]

‘Coteaux de Narbonne’

PGI-FR-A1202-CANCEL — 10.4.2025

1. **An t-ainm cláraithe atá beartaithe lena chealú**

   ‘Coteaux de Narbonne’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   ATFC ☐ TGFC **x** TG ☐

3. **Earnáil**

   ☐ Earraí talmhaíochta

   ☐ Deochanna biotáilleacha

   x Fíonta

4. **Ainm an Bhallstáit nó an tríú tír as a dtagann an tásc geografach**

   an Fhrainc

5. **Ainm an Bhallstáit nó údarás an tríú tír a bhfuil an t-iarratas ar chealú á cur faoi bhráid an Choimisiúin aige nó an léiriú go gcuireann táirgeoirí tríú tír an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe an t-iarratas ar chlárú a chealú faoi bhráid an Choimisiúin go díreach agus ainm an ghníomhaire ar thug na táirgeoirí sainordú dó an t-iarratas a sheoladh (níl feidhm ag an oibleagáid sainordú a thabhairt do ghníomhaire i gcás táirgeoir aonair).**

   An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis.

6. **I gcás iarratas ó Bhallstát, sonraigh an iad táirgeoirí an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe nó an iad grúpa táirgeoirí aitheanta an táirge sin a rinne an t-iarratas ar chealú ag an gcéim náisiúnta den nós imeachta. Sa chás sin, cuir isteach ainm an ghrúpa táirgeoirí aitheanta**

   x Iarratas arna dhéanamh ag na táirgeoirí

   ☐ Iarratas arna dhéanamh ag an ngrúpa táirgeoirí aitheanta

[1] IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

7. **Aicmiú an táirge i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas úrfhíonta fíonchaor faoi cheannteideal 2009

8. **An cineál cealaithe**

Déantar an t-iarratas ar chealú i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Iarratas ar chealú sínithe agus dátaithe.